# Lá a hAon

Ranganna Idirmheánacha (Rang a Dó, a Trí agus a Ceathair)

Seachtain na Food Dudes

# Ceacht Ealaíne

Cuireadh an acmhainn seo a leanas le chéile bunaithe ar fhíseán lá 1 de chuid Sheachtain Food Dudes ag an leibhéal idirmheánach. Tá nasc idir an acmhainn seo agus an curaclam ealaíne do dhaltaí i rang a dó, a trí agus a ceathair.

## Físteachtaireacht:

Déantar cur síos san fhíseán seo (leibhéal idirmheánach, lá 1) ar chineálacha difriúla torthaí agus glasraí agus spreagtar daltaí le tuar ceatha a ithe.

Tá nasc idir an ghníomhaíocht seo agus an t-achar curaclaim seo a leanas:

Ealaíona: Na hAmharc-Ealaíona > Líníocht > Líníochtaí a Dhéanamh

## Príomhthorthaí Foghlama an Churaclaim:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ✔ Turgnaimh a dhéanamh le marcanna, línte, cruthanna, uigeachtaí, patrúin agus toin a d'fhéadfaí a dhéanamh le huirlisí difriúla líníochta ar réimse dromchlaí
- ✔ Líníochtaí a dhéanamh bunaithe ar shaol pearsanta nó samhlaíoch an dalta agus tuiscint níos fearr ar choimhneasa spásúla á léiriú aige/aici
- ✔ Rudaí a tharraingt ó bheith ag breathnú orthu

## Treoirlínte don Mhúinteoir:

**Na rudaí a bheidh uait:**

- ✔ Páipéar
- ✔ Pionsailí dathadóireachta, Péinteanna, Cailceanna nó aon rud eile a úsáidtear le haghaidh dathaithe
- ✔ Siosúr
- ✔ Maide Pritt

# Ceacht Ealaíne



**Modh:**

- Taispeáin samplaí de phortráidí "torthaí agus glasraí" de chuid Giuseppe Arcimboldo.
- Gúgláil samplaí de phortráidí torthaí agus glasraí de chuid Giuseppe Arcimboldo le taispeáint don rang.
- Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar an gcaoi a n-úsáideann sé cineálacha difriúla torthaí agus glasraí chun na codanna difriúla den aghaidh a léiriú, amhail "sróna piorraí" agus "gruaig fíonchaora".
- Iarr ar dhaltaí féinphortráid a chruthú i stíl Giuseppe Arcimboldo. Déanfaidh siad cinneadh faoi na torthaí agus na glasraí ba mhaith leo a úsáid chun a (h)aghaidh a léiriú.
- Ba chóir dóibh gach gné a tharraingt aisti féin, iad a dhathú ina rogha meán, agus iad a ghearradh amach ceann ar cheann.
- Is féidir gach gné de na torthaí agus glasraí a chur le chéile mar cholláis chun aghaidh iomlán a chruthú.
- Is féidir féinphortráidí a chur ar taispeáint le chéile ar chlár fógraí de chuid na scoile nó ar chlár fógraí sa seomra ranga.

